BRAIN BUSTERS
DÚSHLÁN LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA AN POST

an post

Foirm Iontrála do Ranganna Matamaitice

SPRIOCDHÁTA:
Dé Céadaoin 17 Samhain 2021

Ainm an dalta: _____

Grúpa Bliana: _____

Ainm na Scoile: _____

Uimhir Rolla na Scoile: _____

Ainm an Mhúinteora: _____

Ríomhphost an Mhúinteora: _____

Bainfear úsáid as an eolas seo a thugann tú do reáchtáil An Post Brain Busters agus le cumarsáid a dhéanamh leat faoi agus é sin amháin. Féadfar é a roinnt le tríú páirtithe atá faoi chonradh. Coinneofar eolas faoi stóráil dhaingnithe suas go tréimhse bliana tar éis do An Post Brain Busters a bheith críochnaithe agus cuirfear de láimh é faoi réir an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach le do thoil www.AnPost.com/Privacy

☐ Cuir tic anseo más maith leat go gcuirfimid eolas chugat faoi tháirgí agus faoi thionscnaimh eile An Post.

Comhghairdeachas! Tá d'aintín Marge tar éis teach a fhágáil duit ina huacht. Ar ndóigh ba bhreá leat bogadh isteach sa teach ar an bpointe. Ach nuair a bhogann tú isteach tagann sceimhle ort nuair a fhaigheann tú amach an chéad oíche go bhfuil taibhse ins an gcófra! Tá fearg air ach deireann sé go bhfágfaidh sé faoi shuaimhneas thú má chríochnaíonn tú na trí dhúshlán litearthachta agus uimhirtheachta seo...

Tomhas 1:

Cuireann an taibhse é fhéin in aithne duit mar Fred agus insíonn sé duit go bhfuil taisceadán san áiléar aige le go leor airgid ann. Is cosúil go ndearna sé dearmad an t-airgead seo a lóisteáil. Nuair a aimsíonn tú an bosca agus nuair a chomhaireann tú an t-airgead tá €6,500 ann. Míníonn sé go bhfuil an t-airgead sin tar éis a bheith ag luí díomhaoin ansin ón tréimhse sula bhfuair sé bás. An féidir leat a dhéanamh amach cé mhéad a bheadh ann dá mbeadh sé tar éis é a fhágáil ar feadh 3 bliana i gcuntas coigiltis le ráta bliantúil úis de 1.8%?

Freagra:

_____

Seo foirmle a chabhróidh leat

$$LD = P\,(1+ú)^t$$

LD = Luach deireanach
P = Príomhshuim
Ú = ús

Tá an chéad tasc críochnaithe agat!

Tomhas 2:

Is maith le Fred do chomhluadar agus anois tá faitíos ag teacht air go mbeidh sé uaigneach nuair a fhágann tú. Iarrann sé ort mar sin litir shiamsúil a scríobh chuige gur féidir leis a léamh i gceann 5 bliana. Ach chun an dúshlán a dhéanamh níos deacra deireann sé go gcaithfidh tú na frásaí nó na smaointe seo a úsáid ar bhealach éigin i do litir.

Fiosrú	trasnaigh
Mínigh	codán
comparáid	airgead
Réitigh	Ordú
Pátrún	

Tá an dara tasc críochnaithe agat!

Tomhas 3:

Is maith le Fred do scéal mar sin tá sé chun an teach a fhágáil agus tusa a fhágáil faoi shuaimhneas. An dúshlán deireanach a chuireann sé fút ná an doras ceart a roghnú dó ionas gur féidir leis imeacht. Tá 5 dhoras ann agus uimhir ar gach ceann acu. Ní thógfaidh ach doras amháin Fred amach as an teach áfach. Tugann sé 4 leide dhuit chun cabhrú leat an doras ceart a roghnú. Cén ceann é an doras ceart?

1. Ní uimhir phríomha í an uimhir cheart.
2. Is slánuimhir í an uimhir cheart.
3. Ní fachtóir de 16 í an uimhir cheart.
4. Ní dóchúlacht í de rud nach féidir tarlú.

Freagra:

Tá an doras ceart aimsithe agat. Tá brón ar Fred a bheith ag imeacht ach geallann sé go dtiocfaidh sé ar ais ar cuairt. B'fhéidir go mbeidh tuilleadh tomhas aige duit an chead uair eile!